

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN
## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2023

Single Resolution Board

srb.europa.eu

Níl sé i gceist leis an bhfoilseachán seo aon éifeacht atá ceangailteach ó thaobh dlí a chruthú ná teacht in ionad, ar chaoi ar bith, na gceanglas dlí a leagtar síos sna dlíthe ábhartha is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus náisiúnta. Ní fhéadfar brath air chun aon chríocha dlíthiúla, ní bhunaítear leis aon léirmhíniú ceangailteach ar dhlíthe an Aontais ná ar dhlíthe náisiúnta agus ní thugtar comhairle dlí leis ná ní thagann sé in ionad comhairle dlí.

Forchoimeádann BRA an ceart an foilseachán seo a leasú gan fógra a thabhairt aon uair a mheasann sé gurb iomchuí sin agus ní mheasfar gur réamhchinneadh é maidir leis an seasamh a d'fhéadfadh BRA a ghlacadh i gcásanna sonracha, ina ndéanfar imthosca gach cáis a bhreithniú freisin.

Níl an Bord Réitigh Aonair ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an Bord Réitigh Aonair freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024

© An Bord Réitigh Aonair, 2024

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Bord Réitigh Aonair a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Clúdach agus gach grianghraf eile © Lobet – Rostovikova – PRYZM

PDF ISBN 978-92-9475-393-9 doi:10.2877/3346591 FP-01-24-000-GA-N

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN
## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2023

Single Resolution Board

srb.europa.eu

# Clár Ábhar

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN
## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL BRA 2023


**1. Brollach** 3

**2. Athbhreithniú straitéiseach** 4

**3. Garspriocanna BRA in 2023** 5

3.1 Inréiteacht bhainc BRA agus institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna 6

3.2 Creat láidir réitigh a chothú 8

3.3 Bainistiú géarchéime a ullmhú agus a chur i gcrích 10

3.4 An Ciste Réitigh Aonair a oibríochtú 12

3.5 BRA mar eagraíocht 13

**4. Príomhtháscairí feidhmíochta a chumhdaíonn timthriall 2023** 15



# 1. Brollach



Dominique Laboureix, Cathaoirleach BRA

Ba bhliain thábhachtach í 2023 don Bhord Réitigh Aonair (BRA) agus don Sásra Réitigh Aonair (SRA) toisc gur bhaineamar amach príomh-gharspriocanna inár stair ghearr: bhain an Ciste Réitigh Aonair (CRA) a spriocleibhéal de EUR 78 mbilliún amach agus chomhlíon formhór na mbanc faoi shainchúram BRA a n-íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI). Léiríodh i dtorthaí Mheasúnú ar Inréiteacht 2023 freisin gur baineadh amach dul chun cinn suntasach maidir le cumais na mbanc a fhorbairt chun tacú le gníomhaíocht réitigh a chur i gcrích go rathúil i ngach réimse de na hIonchais do Bhainc (EfBanna).

Cosúil le blianta roimhe seo, is féidir linn a bheith bródúil as an obair a rinneadh in 2023. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le baill foirne BRA agus le baill foirne na nÚdarás Réitigh Náisiúnta (NRAnna) as a dtiomantas agus a ngairmiúlacht chun cur le cobhsaíocht ár gcórais airgeadais.

# 2. Athbhreithniú straitéiseach

Tá BRA tar éis aibíocht a bhaint amach trína phríomhbheartais a bhunú, trí CRA a thógáil agus trí obair go dian chun straitéisí réitigh indéanta a shainiú do na bainc. Ón taobh eagraíochtúil de, tháinig méadú ar líon na mball foirne agus chuir BRA feabhas de réir a chéile ar a struchtúr rialachais.

Tar éis ocht mbliana de charnadh de réir a chéile, thionscain BRA athbhreithniú straitéiseach go luath in 2023 chun a spriocanna fadtéarmacha a shainiú agus chun an comhar le NRAnna agus le geallsealbhóirí eile a neartú tuilleadh chun an SRA a bhaint amach.

Lean an t-athbhreithniú straitéiseach cur chuige dian rannpháirtíochta lena n-áirítear sraith comhairliúchán (e.g. le NRAnna, leis an tionscal agus leis an bhfoireann) agus dréachtaíodh mar chuid de, i ndlúthchomhar le foireann thiomnaithe SRA, na cuspóirí straitéiseacha as ar eascair Fís SRA 2028.

Tá an straitéis nua seo (Fís SRA 2028) bunaithe ar thrí chaibidil: (i) Croíghnó, (ii) Rialachas, eagrúchán agus uirlisí, agus (iii) Acmhainní daonna (HR).



# 3. Garspriocanna BRA in 2023

Tá sainordú BRA réamhghníomhach: seachas fanacht go gclisfidh ar na bainc, díríonn BRA ar phleanáil réitigh agus ar inréiteacht a fheabhsú. Má chliseann ar bhanc laistigh de shainchúram BRA nó más dócha go gclisfidh air agus má chomhlíonann sé na critéir réitigh, déanfaidh BRA an réiteach a chur i bhfeidhm trí mheán uirlisí réitigh. Tá BRA i gceannas freisin ar CRA, atá maoinithe ag an tionscal, a bunaíodh chun maoiniú coimhdeach a sholáthar chun cur i bhfeidhm éifeachtach na n-uirlisí réitigh a áirithiú faoi choinníollacha dochta. Ina theannta sin, déanann BRA maoirseacht ar fheidhmiú comhsheasmhach SRA ina iomláine.

Cé gur ullmhaíodh Fís SRA 2028 ar bhealach céimnithe le linn 2023, agus go gcuirfear chun feidhme í sna cúig bliana amach romhainn, lean BRA dá ghnáthoibríochtaí in 2023 agus bhain sé dea-thorthaí amach.


**2023**

- Ceapadh Cathaoirleach nua BRA
- Seoladh athbhreithniú straitéiseach SRA do 2028
- D'fhoilsigh BRA tuarascáil maidir le LSInna den chéad uair
- Reáchtáil BRA comhairliúchán maidir le ICDI amach anseo
- Den chuid is mó, bhain na bainc amach spriocanna deiridh ICDI agus ionchais BRA maidir le hinréiteacht

Mar a leagadh síos i gClár Ilbhliantúil BRA 2021-2023, ba iad seo a leanas tosaíochtaí na heagraíochta go dtí deireadh na bliana tuairiscithe:

1. inréiteacht bhainc BRA agus institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna (LSInna) a neartú;
2. creat láidir réitigh a chothú;
3. bainistiú géarchéime a ullmhú agus a chur i gcrích;
4. CRA a oibríochtú;
5. bonn a chur faoi BRA agus é a neartú mar eagraíocht.

**Fíor 1. Sainordú BRA agus a réimsí oibre**





## 3.1 Inréiteacht bhainc BRA agus institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna

Chun gníomhaíochtaí pleanála réitigh a eagrú agus inréiteacht bhainc BRA agus LSInna a bhaint amach, déanann BRA Timthriall Pleanála Réitigh (RPC) bliantúil do bhainc BRA ina bhfuil na pleananna réitigh a nuashonrú, cinntí ábhartha ICDI a eisiúint agus inréiteacht institiúidí a mheasúnú; agus déanann sé maoirseacht ar na LSInna, i ndlúthchomhar le NRAnna.

Maidir le hinréiteacht na mbanc a neartú, chuir BRA a thríú Timthriall Pleanála Réitigh 12 mhí (RPC) i gcrích lena gcumhdaítear na bainc uile atá faoi shainchúram BRA. Na bainc uile a bhfuil spriocanna acu faoin 1 Eanáir 2024, bhain siad a ICDI deiridh amach.

**Fíor 2. Timthriall Pleanála Réitigh**




* Foireann réitigh inmheánach.

In 2023, aistríodh fócas na formhaoirseachta ar LSInna de réir a chéile chuig oibríochtú, tástáil agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna. Cuireadh an teachtaireacht sin ar fáil freisin i saintuarascáil a foilsíodh den chéad uair ar shuíomh gréasáin BRA. Ina theannta sin, tháinig méadú ar chumhdach LSI le pleananna réitigh in 2023 ag druidim le cur i gcrích (cumhdach 99.5 %).

D'fhoilsigh BRA an dara measúnú inréititheachta dá chuid lenar deimhníodh go bhfuil dul chun cinn ábhartha déanta ag na bainc i ngach réimse de EfBanna agus go bhfuil na bainc bheaga ag laghdú na bearna leis na bainc is mó. Ag an am céanna, agus chun feabhas a chur ar an gcur chuige maidir le rialú cáilíochta, thionscain BRA cleachtadh píolótach athbhreithnithe piaraí, sa bhreis ar an bpróiseas athbhreithnithe cáilíochta rialta in 2023, chun tuiscint ní b'fhearr a fháil ar scóir dul chun cinn na dteasléaráidí déine agus chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar mhodheolaíocht measúnaithe inréiteachta BRA a shainaithint.

De réir mar a bhí deireadh ag teacht le céimniú isteach na n-ionchas, mhéadaigh BRA a fhócas ar thástáil inréititheachta ní ba struchtúrtha ag na bainc. Cé go bhfuil cur chun feidhme cigireachtaí lánfheidhme ar an láthair fós le cur i gcrích, tá dul chun cinn maith déanta maidir le cur chun feidhme mionanailísí doimhne.

| Réimse straitéiseach oibríochta | Príomhghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le réimsí oibríochta |
|---|---|
| **Inréiteacht bhainc BRA agus institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna** | 🟢 Timthriall Pleanála Réitigh agus an dul chun cinn maidir le EfB a chur chun feidhme |
| | 🟢 Íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe |
| | 🟡 Mionanailís dhomhain agus cigireachtaí ar an láthair |
| | Measúnú ar inréiteacht agus teasléaráid (glas éadrom) |
| | 🟢 Pleanáil réitigh d'institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna |

Eochair eolais: 🟢 Bainte amach; glas éadrom: Bainte amach i bpáirt; 🟡 Idir lámha; 🟠 Dul chun cinn áirithe ag teastáil; 🔴 Dul chun cinn suntasach ag teastáil

## 3.2 Creat láidir réitigh a chothú

Cuireann BRA creat láidir réitigh chun cinn san Aontas Baincéireachta trí bheartais réitigh a fhorbairt, trí rannchuidiú leis an díospóireacht bheartais chun an creat atá ann cheana agus an reachtaíocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó a uasghrádú, chomh maith le treoir a ghlacadh agus a fhoilsiú lena ndéantar an reachtaíocht a oibríochtú.

Dá réir sin, rinne BRA na beartais atá ann cheana a chomhtháthú agus a nuashonrú agus chomhlánaigh sé iad le treoir agus uirlisí inmheánacha chun leanúint d'fheabhas a chur ar phleananna réitigh agus ar inréiteacht na mbanc. Agus leachtacht i gcás réitigh mar thosaíocht amháin in 2023, d'fhoilsigh BRA nóta treorach oibríochtúil maidir le tomhas agus tuairisciú na staide leachtachta i gcás réitigh agus rinne sé cleachtadh leachtachta comhpháirteach de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus BRA den chéad uair a úsáidfear chun measúnú inréititheachta a mbanc a dhéanamh go luath in 2024.

Tá feabhas tagtha ar cháilíocht na bpleananna réitigh le gach timthriall pleanála réitigh le tacaíocht ó rialú cáilíochta inmheánach. Leanfar den obair sin in 2024, lena n-ionchorpraítear na ceachtanna a foghlaimíodh ó thimthriall pleanála réitigh 2023. D'oibrigh BRA ar roghanna cúltaca dá straitéisí réitigh, amhail tuilleadh anailíse ar straitéisí aistrithe do bhainc níos mó agus meascán d'uirlisí. Rannchuidigh BRA go gníomhach le comhaid rialála thábhachtacha leanúnacha, amhail an t-athbhreithniú ar bhainistiú géarchéime banc agus árachas taiscí (CMDI) agus lean sé dá chomhordú le gníomhaireachtaí agus institiúidí an Aontais, agus le húdaráis tríú tír, a leathnú.



In 2023, lean BRA dá chuid oibre i dtreo trédhearcacht agus intuarthacht ní ba leithne ina bheartas. Mar chéim amháin sa treo sin, in 2023, d'fhoilsigh BRA liosta ina raibh na comhairliúcháin phoiblí uile agus na hiarrataí rialta uile ar bhainc faoina shainchúram atá beartaithe do 2024. Is cloch mhíle thábhachtach é an nochtadh sin in iarrachtaí BRA freastal ar mhian an tionscail tuilleadh intuarthachta agus trédhearcachta a bheith ann. Cuireann sé ar chumas na mbanc freisin acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos fearr agus an t-ualach oibre a réamh-mheas i rith na bliana.

Chuaigh BRA i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach chun cur le dul chun cinn na gcomhad ábhartha rialála agus beartais. Choinnigh BRA comhordú agus comhoibriú rialta ar bun freisin leis an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA), le BCE, go háirithe, leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), agus neartaigh sé a chomhar leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

I bhfianaise fhorbairtí geopholaitiúla leanúnacha agus éiginnte na bliana seo, bhí comhar idirnáisiúnta ríthábhachtach i gcónaí do BRA. In 2023, thug BRA ceithre chomhaontú dhéthaobhacha comhair i gcrích, rud a d'fhág gurbh é ocht gcomhaontú dhéthaobhacha déag an líon iomlán díobh. Deimhnítear leis sin tiomantas láidir BRA agus údaráis tríú tír inréiteacht a neartú trí chumarsáid agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú. Ina theannta sin, choinnigh BRA caidreamh déthaobhach ar bun agus ghlac sé páirt i bhfóraim iltaobhacha éagsúla, i gceardlanna, i seimineáir agus i gcruinnithe teicniúla le NRAnna. Lean BRA freisin de bheith ag rannchuidiú le hobair an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB).

| Réimse straitéiseach oibríochta | Príomhghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le réimsí oibríochta |
|---|---|
| **Creat láidir réitigh a chothú** | 🟢 (Bainte amach i bpáirt) Beartais BRA a fhorbairt agus a scaipeadh |
| | 🟢 (Bainte amach) Rannchuidiú leis an mbeartas seachtrach agus le gníomhaíocht rialála |
| | 🟢 (Bainte amach) Dearbhú cáilíochta na bpleananna réitigh |
| | 🟢 (Bainte amach) Comhar agus caidreamh idirnáisiúnta |

Eochair eolais: 🟢 Bainte amach 🟢 Bainte amach i bpáirt 🟡 Idir lámha 🟠 Dul chun cinn áirithe ag teastáil 🔴 Dul chun cinn suntasach ag teastáil

## 3.3 Bainistiú géarchéime a ullmhú agus a chur i gcrích

In 2023, lean BRA de nósanna imeachta, uirlisí, teimpléid agus réitigh shonracha teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fhorbairt le haghaidh géarchéimeanna, agus de phróisis inmheánacha agus sheachtracha bainistithe géarchéimeanna a fheabhsú. Ina theannta sin, d'eagraigh sé rití trialach agus bhailigh sé príomhcheachtanna a foghlaimíodh ó na géarchéimeanna a bhí ann le déanaí, amhail solúbthacht a theastaíonn ó na húdaráis réitigh agus an uirlis réitigh á roghnú acu le húsáid ag brath ar an gcás.

**Fíor 3. Príomhchéimeanna sa phróiseas réitigh**



In 2023, d'fheabhsaigh BRA a ullmhacht agus a bhainistiú i gcomhair géarchéimeanna trí Aonad tiomnaithe um Ullmhacht agus Bainistiú Géarchéimeanna (CPMU) a bhunú. Oibríonn an t-aonad i gcomhar le haonaid réitigh agus bunaíodh é le déanaí in 2023 chun cumais ullmhachta géarchéime BRA a neartú a thuilleadh ar bhealach comhordaithe agus láraithe.

Le linn na bliana, d'ullmhaigh CPMU breithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Lámhleabhar Náisiúnta uile trí mheithleacha dlínsiúla a chruthú ina raibh foirne BRA agus ionadaithe NRA rannpháirteach.

Rinne sé obair ullmhúcháin freisin le haghaidh áireamhán tarrthála inmheánaí athnuaite, agus thacaigh sé le cleachtadh tástála comhpháirteach ina raibh BRA agus NRAnna rannpháirteach chun ceachtanna a foghlaimíodh a aisghabháil agus chun an sainmhíniú ar bhearta feabhsaithe breise a chothú.

Ina theannta sin, lean BRA de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar na héagobhsaíochta tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin san earnáil airgeadais, chomh maith le forbairtí suaiteacha eile san earnáil airgeadais a eascraíonn as an suaitheadh baincéireachta sna Stáit Aontaithe agus san Eilvéis. Rinne BRA, i gcomhar le húdaráis eile, faireachán ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann chun a áirithiú go raibh sé réidh le gníomhaíocht a dhéanamh dá dtiocfadh an cás chun cinn. Tar éis chásanna mhí an Mhárta 2023, rinne BRA anailís ar na ceachtanna a foghlaimíodh, agus ar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chur chuige BRA féin maidir le bainistiú géarchéime. In 2023, níor réitíodh aon bhanc faoi shainchúram díreach BRA. Bhí géarchéim LSI amháin ann, inar chomhoibrigh BRA go dlúth leis an NRA freagrach.

| Réimse straitéiseach oibríochta | Príomhghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le réimsí oibríochta |
|---|---|
| **Bainistiú géarchéime a ullmhú agus a chur i gcrích** | 🟢 Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna |
| | 🟢 Freagairt ar ghéarchéimeanna |

Eochair eolais 🟢 Bainte amach 🟢 Bainte amach i bpáirt 🟡 Idir lámha 🟠 Dul chun cinn áirithe ag teastáil 🔴 Dul chun cinn suntasach ag teastáil

## 3.4 An Ciste Réitigh Aonair a oibríochtú

Rannchuidíonn institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe sa 21 Bhallstát rannpháirteach den Aontas Baincéireachta le CRA. Ag deireadh 2023, tháinig deireadh leis an tréimhse tosaigh, mar a thugtar uirthi, an tréimhse ocht mbliana a thugtar le Rialachán SRA chun CRA a fhorbairt chun 1 % ar a laghad de mhéid iomlán na dtaiscí faoi chumhdach ag na hinstitiúidí lena mbaineann sna Ballstáit rannpháirteacha uile a bhaint amach. D'fhág sé sin go raibh ciste lán-fhrithpháirtithe ag BRA agus go ndearnadh na rannáin náisiúnta uile a chumasc.

Bunaithe ar an bhfás sin, is ionann 1 % de thaiscí cumhdaithe san Aontas Baincéireachta agus EUR 75 bhilliún. In 2023, dhírigh BRA ar a thosaíochtaí mar a leagtar síos i bplean oibre na bliana seo, amhail an teachtaireacht maidir leis an bpróiseas ríofa ranníocaíochtaí leis an tionscal a threisiú tuilleadh agus feabhsuithe ar an bpróiseas comhairliúcháin a thabhairt isteach.

Níl an t-athbhreithniú ar Chonradh an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh (SCE) daingnithe go fóill agus, dá bhrí sin, níl an Cúlstop Coiteann i bhfeidhm go fóill ach, d'fhonn a bheith lánoibríochtúil, d'eagraigh foireann chomhpháirteach SCE-BRA in 2023 rith trialach rathúil chun tástáil a dhéanamh ar oibríochtú an Chúlstop Choitinn, a tugadh chun críche i mí Eanáir 2024.

| Réimse straitéiseach oibríochta | Príomhghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le réimsí oibríochta |
|---|---|
| **An Ciste Réitigh Aonair a oibríochtú** | 🟢 Ranníocaíochtaí |
| | 🟢 Infheistíocht |
| | 🟡 Cistiú |

Eochair eolais 🟢 Bainte amach 🟢 Bainte amach i bpáirt 🟡 Idir lámha 🟠 Dul chun cinn áirithe ag teastáil 🔴 Dul chun cinn suntasach ag teastáil

## 3.5 BRA mar eagraíocht

Is é comhdhlúthú BRA mar eagraíocht an réimse tosaíochta deiridh. In 2023, tháinig gníomhaíochtaí tacaíochta, amhail bainistiú buiséid agus airgeadais ar ais go dtí na hamanna a bhí ann roimh COVID, nach mór. Tháinig laghdú beag ar chur i bhfeidhm an bhuiséid i gcomparáid le 2022 agus tháinig méadú ar an leibhéal foirne foriomlán, is é sin, ba bheag nár baineadh amach an Plean Bunaíochta. Leanadh den obair laethúil, atá curtha in oiriúint go hiomlán anois do mhódúlachtaí hibrideacha. Lean BRA de thionscnaimh a chur chun feidhme chun freagairt do riachtanais athraitheacha BRA agus SRA. Chuir foireann TFC BRA tacaíocht rialta ar fáil don fhoireann, lean siad d'fheidhmchláir a fhorbairt, rinne siad bainistiú ar a lárionaid sonraí agus dhírigh siad ar an gcibearshlándáil.

Lean BRA freisin de rialachas agus próisis chinnteoireachta BRA a neartú, go háirithe, trína phróisis a bharrfheabhsú chun cinntí comhlachtaí éagsúla a ghlacadh.

**Fíor 4. Comhlachtaí cinnteoireachta BRA**

### Comhlachtaí cinnteoireachta SRB

#### Seisiún Iomlánach

| Ina mbíonn | Cúram |
|---|---|
| • Cathaoirleach<br>• Lánchomhaltaí an Bhoird<br>• Ionadaithe uile na nÚdarás Náisiúnta Réitigh (NRA) | Ábhair straitéiseacha do BRA nó don Sásra Réitigh Aonair a phlé agus a chinneadh. |

#### Seisiún Feidhmiúcháin

SRIANTA

| Ina mbíonn | Cúram |
|---|---|
| • Cathaoirleach<br>• Lánchomhaltaí an Bhoird | An chuid is mó de chinntí an tSeisiúin Iomlánaigh a ullmhú. |

SÍNEADH CURTHA LEIS

| Ina mbíonn | Cúram |
|---|---|
| • Cathaoirleach<br>• Lánchomhaltaí an Bhoird<br>• Ionadaithe an NRA lena mbaineann | Cinntí a bhaineann go sonrach leis na bainc a ghlacadh agus líon teoranta cinntí ón Seisiún Iomlánach a ullmhú. |

#### Cathaoirleach

- Cinntí de réir mar a chuirtear síos orthu in Airteagal 56 den Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRMR), mar a bhaineann siad le bainistiú laethúil SRB.

#### Leaschathaoirleach

- Ball nach bhfuil vóta aige/aici seachas i gcás neamhláithreacht an Chathaoirligh.

#### Breathnóirí

- Tá stádas breathnóirí buana ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an mBanc Ceannais Eorpach i ngach ceann de na Seisiúin Feidhmiúcháin agus Iomlánacha;
- Nuair is ábhartha, d'fhéadfaí fáilte a chur roimh bhreathnóirí eile ar bhonn ad hoc le linn Seisiúin Feidhmiúcháin agus Iomlánacha;
- Agus plé á dhéanamh ar ghrúpa a bhfuil fochuideachtaí nó brainsí suntasacha aige i mBallstáit neamh-rannpháirteacha, iarrtar ar údaráis réitigh na mBallstát neamh-rannpháirteach sin páirt a ghlacadh i gcruinniú na Seisiún Méadaithe.

Tháinig méadú ar infheictheacht sheachtrach BRA i rith na bliana a bhuí leis an bhfor-rochtain réamhghníomhach ó thaobh cumarsáide de. Eagraíodh dhá mhórimeacht, Comhdháil Dhlíthiúil BRA agus seimineár comhpháirteach BRA-BCE maidir le CMDI, bailíodh lucht féachana ó réimse leathan cúlraí agus cuireadh plé suimiúil chun cinn maidir le hábhair a bhaineann le réiteach.

Maidir le himeachtaí dlíthíochta, rinne Seirbhís Dlí BRA ionadaíocht don eagraíocht i ní ba mhó ná 250 cás dlíthíochta atá ar feitheamh, agus sa Phainéal Achomhairc.

Bhunaigh BRA aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca, Rialaithe agus Comhlíontachta (RMCC) freisin chun córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca atá éifeachtach agus éifeachtúil a neartú tuilleadh.

Ar deireadh, lean Acmhainní Daonna dá n-iarrachtaí foireann ardcháilithe a earcú, beagnach ag baint amach Plean Bunaíochta BRA, agus le ráta folúntais i bhfad ní b'ísle i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.



# 4. Príomhtháscairí Feidhmíochta a chumhdaíonn timthriall 2023

| # | Tuairisc ar an réimse tosaíochta/ar an táscaire | Sprioc | Luach 2023 |
|---|---|---|---|
| **Inréiteacht bhainc BRA agus institiúidí nach bhfuil chomh suntasach céanna** | | | |
| 1 | An líon pleananna formheasta laistigh den timthriall in RPC 2022 agus 2023 | 108 beartaithe (2022)<br>99 beartaithe (2023) | 101 (2022)<br>52 (2023) |
| 2 | Líon na ndeaiseanna ICDI ráithiúla a foilsíodh | 4 | 5 |
| 3 | Líon na mbanc a ndearnadh measúnú orthu le haghaidh inréititheachta agus a áirítear sa teasléaráid mar chéatadán de na bainc uile atá faoi shainchúram BRA | 100 % | 100 % |
| 4 | An líon de mhionanailísí doimhne/Cigireachtaí ar an láthair a cuireadh i gcrích | 15 mhionanailís dhoimhne | 16 mhionanailís dhoimhne |
| 5 | An líon LSInna atá cumhdaithe ag pleananna réitigh mar chéatadán den iomlán a bhfuil coinne leis | 98 % | 99.5 % |
| **Creat láidir réitigh a chothú** | | | |
| 6 | Líon na mbeart a bhfuil coinne leo a foilsíodh de réir an phlean (mar chéatadán den iomlán atá beartaithe) | 100 % | 100 % |
| 7 | Líon na ndréachtphleananna réitigh a ndearnadh athbhreithniú orthu le haghaidh dearbhú cáilíochta (mar chéatadán den iomlán) laistigh den RPC | 100 % | 100 % |
| 8 | Líon na ráiteas seasaimh maidir le beartas seachtrach agus comhaid rialála curtha le chéile ag BRA | 2 | 4 |
| 9 | Líon na rannpháirtíochtaí le húdaráis tríú tír (anuas ar FSB agus an Cleachtadh Tríthaobhach Príomhleibhéil) | 9 | 25 |
| 10 | Líon na gComhaontuithe déthaobhacha nua um Chomhar (CoAg) a bhfuil caibidlíocht tugtha i gcrích ina leith | 3 | 4 |
| **Bainistiú éifeachtach géarchéime a dhéanamh** | | | |
| 11 | An líon rití trialach comhordaithe go lárnach a rinneadh | 2 | 2 |
| 12 | Líon na gceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna géarchéime agus ó rití trialach a dtugtar aghaidh orthu (mar chéatadán den iomlán) ar bhonn bliantúil | 70 % | 70 % |

| # | Tuairisc ar an réimse tosaíochta/ar an táscaire | Sprioc | Luach 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Oibríochtú an Chiste Réitigh Aonair** | | | |
| 13 | Trédhearcacht a mhéadú: líon na gceisteanna a fhaightear le linn comhairliúcháin a dtugtar freagra orthu mar chéatadán den iomlán a fuarthas | 100 % | 100 % | ● (glas) |
| 14 | Leachtacht CRA: líon na laethanta chun punann BRA a leachtú | 5 lá | 5 | ● (glas) |
| 15 | An líon de rití trialach a eagraíodh chun CRA agus nósanna imeachta cistiúcháin breise a thástáil | 2 (rith trialach inmheánach amháin, rith trialach seachtrach eile) | 2 | ● (glas) |
| | **BRA mar eagraíocht** | | | |
| 16 | Cóimheas idir acmhainní seachtracha agus inmheánacha atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí sonracha TFC | 1.45 | 1.82 | ● (dearg) |
| 17 | For-rochtain don lucht féachana le gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta | >5 % | 10 % | ● (glas) |
| 18 | Líon na bpost foirne sa Phlean Bunaíochta a líonadh nó cumhdaithe ag nósanna imeachta roghnúcháin (mar chéatadán den iomlán) | >99 % | 99.7 % | ● (glas) |
| 19 | Ráta forghníomhaithe an bhuiséid (i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus gan Caibidil 32, 'teagmhais', a áireamh) | 95 % | 87 % | ● (glas éadrom) |
| 20 | Sonraisc a íoc laistigh de na sprioc-amanna | 97 % | 98 % | ● (glas) |
| 21 | Líon na n-iarrataí ar chomhairle dlí ar tugadh freagra orthu laistigh de thréimhse ama (mar chéatadán den líon iomlán a fuarthas) | >90 % | 95.9 % | ● (glas) |

Eochair eolais ● Bainte amach thar an sprioc ● Bainte amach ● Bainte amach i bpáirt ● Idir lámha ● Dul chun cinn áirithe ag teastáil ● Dul chun cinn suntasach ag teastáil

## Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

– ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
– ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,
– tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.



**BORD RÉITIGH AONAIR**
Treurenberg 22, 1049 Bhruiséil
srb.europa.eu

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh